Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16475/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0306(NLE)**

**FRONT 326**
**COWEB 200**
**MIGR 450**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Samhain 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 546 final ANNEX 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir lena chur chun feidhme sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 546 final ANNEX 1.

Faoi iamh: COM(2024) 546 final ANNEX 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2024
COM(2024) 546 final

ANNEX 1

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir lena chur chun feidhme sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**

## *DEARBHÚ MAIDIR LEIS AN ÍOSLAINN, RÍOCHT NA hIORUA, CÓNAIDHM NA hEILVÉISE AGUS PRIONSACHT LICHTINSTÉIN*

Tugann na Páirtithe sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin dá n-aire an dlúthchaidreamh idir an tAontas Eorpach, den pháirt, agus an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, go háirithe de bhua Chomhaontuithe an 18 Bealtaine 1999[1] agus an 26 Deireadh Fómhair 2004[2] agus an Prótacal an 28 Feabhra 2008[3], faoi seach, maidir le comhlachas na dtíortha sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

I gcúinsí den sórt sin, is inmhianaithe go ndéanfadh údaráis na hIorua, na hÍoslainne, na hEilvéise agus Lichtinstéin, ar thaobh amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, ar an taobh eile, comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích gan mhoill maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna gcur i gcrích ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin i dtéarmaí atá comhchosúil le gníomhaíochtaí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

---

[1] An Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas Ríocht na hIorua le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

[2] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

[3] An Prótacal idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. IO L 160, 18.6.2011, lch. 3.